C/2026/123

7.1.2026

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir le cur chun feidhme Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1735 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)

(C/2026/123)

Is é is cuspóir don Teachtaireacht seo treoraíocht phraiticiúil a thabhairt do na Ballstáit a chuireann scéimeanna nua ar bun nó a thugann scéimeanna atá ann cheana cothrom le dáta lena ndreasaítear ceannach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta faoi Airteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (NZIA). Ní chumhdaítear leis na forálacha maidir le soláthar poiblí agus ceantáil faoin NZIA. Níl an treoraíocht seo ceangailteach ó thaobh dlí. Cé go ndéanann sé athleagan ó am go chéile ar fhorálacha reachtaíocht an Aontais, níl sé i gceist leis athrú a dhéanamh ar aon bhealach ar na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ná in ionstraimí ceangailteacha eile. Tá an treoraíocht seo gan dochar do na rialacha maidir le státchabhair agus do phrionsabal na coimhdeachta.

LIOSTA GIORRÚCHÁN

AC	Ainmníocht Chomhcheangailte
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
AE	an tAontas Eorpach
EV	Feithicil leictreach
EVSE	Trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha
GWP	Poitéinseal téimh dhomhanda
CC	Córas Comhchuibhithe
JRC	Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh
NZIA	An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta
NZT	Teicneolaíocht ghlan-nialasachta
PV	Fótavoltach

CLÁR NA nÁBHAR

I. Réamhrá 3
II. Raon feidhme Airteagal 28 den NZIA 3
III. Incháilitheacht scéimeanna agus cúiteamh airgeadais breise 5
A. Incháilitheacht don scéim a chur faoi réir coinníollacha áirithe 5
B. Cúiteamh airgeadais breise a sholáthar 6
IV. Measúnú ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta 7
A. Marcáil táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta 8
1. Córais mharcála 8
2. Roinnt teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chumhdaítear le scéim aonair 8
B. Measúnú ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta de réir na gceithre critéar 8
1. An critéar athléimneachta 9
2. An critéar inbhuanaitheachta comhshaoil 12
3. An critéar nuálaíochta 12
4. An critéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh 13
C. Samplaí léiritheacha den mheasúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta 14
1. Sampla le haghaidh córais fhótavoltacha gréine 14
2. Sampla le haghaidh teaschaidéal 15
3. Sampla le haghaidh córais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar 16
V. Trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus rochtain ar fhaisnéis 17
A. Próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach 17
B. Infhaighteacht faisnéise 18
Iarscríbhinn I:
Ceannteidil CC chun na rialacha tionscnaimh a chinneadh maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ábhartha d'Airteagal 28 den NZIA 21
Iarscríbhinn II:
Samplaí d'íoscheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil atá ann cheana 21
Iarscríbhinn III:
Samplaí de ghnéithe nuálacha 23
Iarscríbhinn IV:
Samplaí de chomhtháthú an chórais fuinnimh 26

I. **RÉAMHRÁ**

Le Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (dá ngairtear 'an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta' nó 'an NZIA' anseo feasta) ([1]), bunaítear creat dlíthiúil arb é is aidhm dó an t-éiceachóras monaraíochta le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a neartú laistigh den Aontas Eorpach (AE). Go háirithe, chun spleáchais straitéiseacha an Aontais ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ar a slabhraí soláthair a laghdú agus chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, leagtar síos le hAirteagal 5 den NZIA na cuspóirí don Choimisiún agus do na Ballstáit acmhainneacht mhonaraíochta den mhéid seo a leanas ar a laghad a bhaint amach: 40 % de riachtanais cur in úsáid bhliantúla an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta faoi 2030; agus 15 % de tháirgeadh domhanda na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta faoi 2040.

Is cuid fhíor-riachtanach d'éileamh an Aontais ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta iad teaghlaigh, gnólachtaí agus tomhaltóirí. Is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí lena ndreasaítear teaghlaigh, gnólachtaí agus tomhaltóirí chun táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal (dá ngairtear 'scéimeanna' anseo feasta), chun spriocanna aeráide an Aontais agus cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') a bhaint amach. Chun a áirithiú go mbeidh iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais athléimneach, slán agus in ann oiriúnú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo, tá sé ríthábhachtach ní hamháin go n-éascóidh na scéimeanna sin rochtain ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta ach go rannchuideoidh siad freisin le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht sholáthar na dteicneolaíochtaí sin.

Chuige sin, leagtar síos le hAirteagal 28 den NZIA oibleagáidí nua d'údaráis phoiblí a chruthaíonn scéimeanna nua nó a nuashonraíonn scéimeanna atá ann cheana a théann chun tairbhe do theaghlaigh, do chuideachtaí nó do thomhaltóirí agus táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta á gceannach acu. Is é is aidhm do na hoibleagáidí sin ceannach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta ag tairbhithe a chur chun cinn 'lena ngabhann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta'.

Tháinig an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2024, agus tá feidhm ag Airteagal 28 de ón 30 Nollaig 2025 ([2]). Leis an Teachtaireacht seo, tugtar treoir d'údaráis phoiblí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28.

II. **RAON FEIDHME AIRTEAGAL 28 DEN NZIA**

Le hAirteagal 28 den NZIA cumhdaítear scéimeanna lena gcomhlíontar na trí choinníoll seo a leanas go carnach:

(a) Téann an scéim chun tairbhe do theaghlaigh, do chuideachtaí nó do thomhaltóirí (dá ngairtear 'tomhaltóirí' le chéile anseo feasta).

(b) Déantar an scéim a thabhairt cothrom le dáta nó a chruthú tar éis an dáta a thiocfaidh Airteagal 28 den NZIA chun bheith infheidhme, i.e. tar éis an 30 Nollaig 2025 (i gcomhréir le hAirteagal 49 den NZIA).

Meastar go bhfuil scéim 'tugtha cothrom le dáta' chun críoch Airteagal 28 den NZIA nuair a dhéantar aon mhodhnú uirthi lena n-éileofaí formheas nua ón údarás nó ón reachtóir ar an scéim. Áirítear leis sin athruithe móra ar an mbuiséad leithdháilte, ar an raon feidhme, ar na critéir incháilitheachta nó ar an bpróiseas iarratais. Cumhdaítear leis freisin athnuachaintí, síntí nó aon athrú atá mór go leor chun gur gá d'údarás nó do reachtóir an scéim a fhormheas as an nua.

(c) Leis an scéim, dreasaítear ceannach na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún maidir le liosta na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha ([3]).

Cé gur cheart ceannach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a bheith i measc na bpríomhghnéithe a chumhdaítear leis an scéim, ní gá gurb é an t-aon ghné amháin a chumhdaítear leis an scéim é. Scéim a bhfuil raon feidhme níos leithne aici, a dhéanann níos mó ná dreasú a dhéanamh ar cheannach táirge teicneolaíochta glan-nialasachta, is féidir léi teacht faoi raon feidhme Airteagal 28 den NZIA fós ar choinníoll go n-áirítear go sainráite i raon feidhme na

([1]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj.

([2]) Airteagal 49(4) den NZIA.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht.

scéime catagóir shonrach tacaíochta chun an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta sin a cheannach. Sna cásanna sin, ba cheart baint a bheith ag Airteagal 28 den NZIA go heisiach le ceannach na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Mar shampla, cumhdaítear faoi Airteagal 28 den NZIA tacaíocht chun teaschaidéal a cheannach a sholáthraítear trí scéim tacaíochta athchóirithe fuinnimh a bhfuil tacaíocht thiomnaithe do theaschaidéil inti.

Thairis sin, ní chumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA ach na scéimeanna sin lena ndírítear ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannach, seachas a suiteáil, a n-úsáid nó a n-oibriú. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear le hAirteagal 28 scéimeanna arb é is aidhm dóibh caiteachas oibríochtúil (OpEx) a bhaineann le húsáid táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a mhaolú. Ar an gcaoi chéanna, ní chumhdaítear scéimeanna ina ríomhtar an leibhéal tacaíochta bunaithe ar mheascán de chaiteachas caipitiúil (CapEx) agus de chaiteachas oibríochtúil araon ach oiread. Ina theannta sin, ní chumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA scéimeanna nach ndírítear leo ach ar shuiteáil táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Ar an gcaoi chéanna, i scéimeanna lena ndírítear ar cheannach agus ar shuiteáil táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta araon, ní chumhdaítear costais suiteála le hAirteagal 28, rud a fhágann gur féidir tacú le costais suiteála fiú mura rannchuidíonn an táirge deiridh go mór leis an inbhuanaitheacht agus leis an athléimneacht.

Sampla 1:

Scéimeanna lena ndreasaítear ceannach córas fótavoltach (PV) gréine – táirge teicneolaíochta glan-nialasachta de réir bhrí an NZIA – trí íocaíocht aonuaire a thairiscint bunaithe ar chumhacht rátaithe an chórais, cumhdaítear iad le hAirteagal 28 den NZIA. Os a choinne sin, is cabhair oibriúcháin seachas cabhair infheistíochta iad scéimeanna lena gcúitítear táirgeadh fuinnimh in-athnuaite trí shásraí tacaíochta praghais dhírigh. Ní chumhdaítear iad le hAirteagal 28 den NZIA.

Sampla 2:

Scéimeanna lena ndreasaítear táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, amhail taraifí ar sholáthar leictreachais, ní cháilíonn siad mar chabhair cheannaigh agus, dá bhrí sin, ní chumhdaítear iad le hAirteagal 28 den NZIA. Is amhlaidh atá toisc gur sásraí tacaíochta praghais dhírigh / cabhair oibriúcháin iad, ós rud é go gcúitíonn siad táirgeadh fuinnimh in-athnuaite é féin seachas iad a bheith ag tacú le ceannach an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a tháirgeann an fuinneamh.

Sampla 3:

Scéimeanna lena ndreasaítear athchóirithe fuinnimh agus lena sainaithnítear ceannach teaschaidéal – ar táirge teicneolaíochta glan-nialasachta iad – mar cheann de na hítimí costais atá incháilithe do thacaíocht faoin scéim, cumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA iad. Go deimhin, is féidir le scéim a thacaíonn le hathchóiriú fuinnimh roinnt catagóirí costas a dtacaítear leo faoin scéim a shainaithint agus uaireanta uasmhéideanna cúitimh a sholáthar le haghaidh gach ceann de na hítimí costais a shainaithnítear. Chumhdófaí scéim den sórt sin le hAirteagal 28 den NZIA ar choinníoll go bhfuil ceannach teaschaidéil (nó aon táirge teicneolaíochta glan-nialasachta eile) ar cheann de na catagóirí costais sin.

Cé nach é ceannach an teaschaidéil an t-aon fhócas atá ag na hathchóirithe fuinnimh, aon uair is gné shainráite den scéim athchóirithe é an teaschaidéal a cheannach, is féidir coinníollacha tiomnaithe a leagan síos leis sin chun tacú leis an teaschaidéal a cheannach. Sa chás sin, bheadh feidhm ag forálacha Airteagal 28 maidir leis an teaschaidéal ach ní bheadh feidhm acu maidir le haon trealamh eile nach meastar a bheith ina theicneolaíocht ghlan-nialasachta i gcomhthéacs an NZIA, cé go bhféadfadh sé rannchuidiú le feabhas a chur ar fhuinneamh an fhoirgnimh.

Sampla 4:

Cumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA scéimeanna lena ndreasaítear ceannach feithiclí astaíochtaí nialasacha. Cé nach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta iontu féin iad feithiclí astaíochtaí nialasacha de réir bhrí an NZIA, tá siad feistithe le córais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar, ar táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta iad de réir bhrí an NZIA. Thairis sin, ní féidir na córais tiomána leictrí a cheannach ar leithligh ó fheithicil leictreach (mar tháirge neamhspleách). Ar deireadh, is sciar mór de chostas feithicle leictrí é an córas tiomána leictrí.


Is féidir na scéimeanna a chumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA a bheith i gcineálacha éagsúla, lena n-áirítear – ach gan a bheith teoranta dóibh – deontais, lacáistí, iasachtaí ar lacáiste (le rátaí úis faoi bhun rátaí úis an mhargaidh), dreasachtaí cánach (amhail creidmheasanna cánach, asbhaintí cánach, díolúintí cánach agus dímheas luathaithe) agus scéimeanna 'léasaithe shóisialta' atá ceaptha chun rochtain ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta a éascú do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam. Mar sin féin, gan beann ar a gcineál, d'fhéadfadh sé gur státchabhair iad na scéimeanna sin uile. Má dhéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair a chomhlíonadh. Ba cheart do na scéimeanna oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh freisin. Thairis sin, ní fhéadfaidh na scéimeanna rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm ach amháin i gcomhréir leis an Treoir maidir le CBL ([4]).

III. INCHÁILITHEACHT SCÉIMEANNA AGUS CÚITEAMH AIRGEADAIS BREISE

Chun an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 28 den NZIA a chomhlíonadh, lena gceanglaítear go ndearfar scéimeanna lena ndreasófar ceannach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta chun táirgí a bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu a chur chun cinn, tá dhá rogha ag na Ballstáit, ag údaráis réigiúnacha nó údaráis áitiúla, ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó ag cumainn arna mbunú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó ag comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí (dá ngairtear 'údaráis phoiblí' anseo feasta) a dhearann scéim nó a thugann scéim cothrom le dáta – mar a léirítear i bhFíor 1. Is féidir leis na húdaráis phoiblí an méid seo a leanas a dhéanamh:

— **Incháilitheacht** táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta faoin **scéim a dhéanamh coinníollach ar a rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht agus leis an athléimneacht;** nó

— **Cúiteamh airgeadais comhréireach breise a dheonú** le haghaidh táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a léiríonn rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta. Sholáthrófaí an méid sin sa bhreis ar an gcúiteamh airgeadais bunúsach a sholáthraítear faoin scéim, rud a laghdódh a thuilleadh costas an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta don tomhaltóir ([5]).



Fíor 1: Roghanna chun ceannach táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta lena ngabhann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta a chur chun cinn (an Coimisiún Eorpach)

Tabhair faoi deara: Tagraíonn 'incháilithe' agus 'gan bheith incháilithe' don scéim tacaíochta.

A. Incháilitheacht don scéim a chur faoi réir coinníollacha áirithe

De réir Airteagal 28 den NZIA, is féidir le húdarás poiblí a chinneadh go mbeidh incháilitheacht scéimeanna táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta coinníollach ar a rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta. Fágann sé sin nach mbeadh táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta faoi scéim a chumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA (féach Caibidil II) incháilithe chun tairbhiú den scéim ach amháin má léiríonn siad rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta.

([4]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha; Féach go háirithe Airteagal 98 agus Iarscríbhinn III den Treoir.

([5]) Níor cheart an tacaíocht iomlán, lena n-áirítear an cúiteamh airgeadais comhréireach breise, a bheith níos mó ná an uasdéine cabhrach a cheadaítear faoi na rialacha maidir le státchabhair.

Luaitear freisin in Airteagal 28(1) gur cheart inrochtaineacht scéimeanna do shaoránaigh atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis phoiblí a áirithiú nach n-eisiafar saoránaigh leochaileacha ó rochtain a fháil ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta inbhuanaithe athléimneacha le coinníollacha incháilitheachta a scéimeanna.

B. **Cúiteamh airgeadais breise a sholáthar**

Is féidir le húdaráis phoiblí rogha a dhéanamh cúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar chun táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannach a bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu. Sa chás sin, bíonn tomhaltóirí i dteideal thairbhí na scéime gan beann ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannaíonn siad. Mar sin féin, mar chuid den scéim, tá tairbhithe a cheannaíonn táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta lena ngabhann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta i dteideal cúiteamh airgeadais breise.

Ba cheart na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le cúiteamh airgeadais breise a dheonú:

— Níor cheart é a dheonú ach amháin do na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta sin a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta in Airteagal 28(4) den NZIA.

— Ba cheart í a sholáthar sa bhreis ar chúiteamh airgeadais 'bunúsach' na scéime.

— Ba cheart laghdú breise ar chostas na dtáirgí deiridh ar na tomhaltóirí a cheannaíonn iad a bheith mar thoradh air.

— Níor cheart é a dheonú ach amháin i gcás táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Má chumhdaítear leis an scéim raon feidhme níos leithne táirgí nó seirbhísí ná an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta nó na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta, ba cheart an cúiteamh airgeadais breise a theorannú go docht don táirge teicneolaíochta glan-nialasachta nó do na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta (ar choinníoll go bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu). Mar shampla, má dhreasaítear athchóirithe fuinnimh le scéim agus má áirítear go sainráite inti catagóir shonrach tacaíochta chun teaschaidéal a cheannach, baineann tairbhí bunúsacha na scéime leis an tionscadal athchóirithe iomlán (lena n-áirítear teaschaidéal, insliú, etc.), ach ba cheart an cúiteamh airgeadais breise a nascadh leis an teaschaidéal agus a ríomh bunaithe ar chostas an teaschaidéil don tomhaltóir amháin.

— Má áirítear roinnt táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta sa tionscadal a thairbhíonn den scéim, ba cheart cúiteamh airgeadais breise a dheonú le haghaidh gach táirge teicneolaíochta glan-nialasachta lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta.

Tá roinnt solúbthachta ag údaráis phoiblí agus méid an chúitimh airgeadais bhreise á chinneadh acu, ach ba cheart é a bheith comhréireach i gcónaí agus bochtaineacht fuinnimh a chur san áireamh. Ina theannta sin, leagtar amach le hAirteagal 28(2) den NZIA uasteorainneacha sonracha le haghaidh an chúitimh airgeadais bhreise i gcásanna áirithe.

— A mhéid a bhaineann le comhréireacht, ba cheart an cúiteamh airgeadais breise a bheith i gcomhréir i gcónaí leis an gcostas ar an tomhaltóir a bhaineann leis na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Fágann sé sin go bhféadfadh sé nach mbeadh méid an chúitimh airgeadais bhreise diomaibhseach ná iomarcach i gcomparáid leis an gcostas don tomhaltóir ar na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Má tá an méid ró-íseal, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé ina dhreasacht leordhóthanach chun tairbhithe a spreagadh chun táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannach lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta. Ar an taobh eile, má tá an méid iomarcach, d'fhéadfadh ró-fhóirdheonú a bheith mar thoradh air, rud a chruthódh éagothroime iomaíochta agus a shaobhfadh an margadh.

— A mhéid a bhaineann le bochtaineacht fuinnimh, féadfaidh údaráis phoiblí a chinneadh cúiteamh airgeadais breise níos airde a dheonú do shaoránaigh atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh, i gcomparáid le tomhaltóirí eile. Mar sin féin, ba cheart an cúiteamh níos airde sin a bheith i gcomhréir i gcónaí leis an gceanglas comhréireachta dá dtagraítear sa phointe urchair roimhe seo.


— Maidir leis na huasteorainneacha, d'fhéadfadh trí chás a bheith ann:

  — **Cás 1:** Nuair a dheonaítear an cúiteamh airgeadais breise bunaithe ar chomhlíonadh an chritéir athléimneachta agus ar chomhlíonadh an chritéir nuálaíochta nó an chritéir maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh, ní fhéadfaidh an cúiteamh airgeadais breise a bheith níos mó ná 5 % de chostas an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta ar an tomhaltóir ([6]).

  — **Cás 2:** I gcás ina ndeonaítear an cúiteamh airgeadais breise bunaithe ar chomhlíonadh an chritéir athléimneachta agus an chritéir nuálaíochta nó an chritéir maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh, agus i gcás ina ndeonaítear an cúiteamh sin do shaoránaigh atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh, ní fhéadfaidh an cúiteamh airgeadais breise a bheith níos mó ná 15 % de chostas an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta don tomhaltóir.

  — **Cás 3:** Nuair a dheonaítear an cúiteamh airgeadais breise bunaithe ar chomhlíonadh an chritéir athléimneachta agus an chritéir inbhuanaitheachta comhshaoil, is féidir le húdaráis phoiblí méid an chúitimh airgeadais bhreise chomhréirigh a chinneadh gan bhac.

I bhFíor 2, tugtar forbhreathnú ar na himpleachtaí do chostas an táirge deiridh a bhaineann leis na trí rogha chun cúiteamh airgeadais breise a dheonú.



Fíor 2: Cásanna maidir le huasteorainneacha an chúitimh airgeadais bhreise (an Coimisiún Eorpach)

Tabhair faoi deara:
tagraíonn 'incháilithe' agus 'gan bheith incháilithe' do cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge deiridh na critéir chun go ndeonófar an cúiteamh airgeadais breise dó.

IV. MEASÚNÚ AR RANNCHUIDIÚ INBHUANAITHEACHTA AGUS ATHLÉIMNEACHTA TÁIRGÍ TEICNEOLAÍOCHTA GLAN-NIALASACHTA

Mar a pléadh sa chaibidil roimhe seo, bíonn incháilitheacht tomhaltóirí chun tairbhiú de scéimeanna nó as cúiteamh airgeadais breise ag brath ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannach a bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu. Luaitear le hAirteagal 28(4) den NZIA go mbeidh an rannchuidiú sin *bunaithe ar a rannchuidiú leis an athléimneacht …, agus ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas: (a) inbhuanaitheacht comhshaoil …; (b) rannchuidiú leis an nuálaíocht …; (c) rannchuidiú le comhtháthú an chórais fuinnimh*. Soláthraítear treoirlínte sa chaibidil seo maidir leis an gcaoi a bhféadfaí rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a mharcáil (Roinn A) agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na critéir (Roinn B). Tugtar roinnt samplaí inti freisin (Roinn C).

([6]) D'fhéadfadh sé nach mbeadh i gcostas an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta don tomhaltóir ach costas an trealaimh, nó d'fhéadfadh costais eile a bheith ann freisin (e.g. costais iompair agus suiteála), ag brath ar raon feidhme na gcostas a chumhdaítear leis an scéim.

A. **Marcáil táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta**

Chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta táirge teicneolaíochta glan-nialasachta, ba cheart d'údaráis phoiblí córas marcála agus pasmharc a bhunú. Is é is pasmharc ann an t-íosmharc is gá chun go gcomhlíonfaidh táirge deiridh na critéir. Áirithítear leis an marc sin nach mbeidh ach táirgí deiridh a rannchuidíonn go mór leis an athléimneacht agus leis an inbhuanaitheacht comhshaoil, leis an nuálaíocht nó le comhtháthú an chórais fuinnimh incháilithe faoi scéimeanna nó incháilithe do chúiteamh airgeadais breise.

1. Córais mharcála

A mhéid a bhaineann leis an gcóras marcála, coinníonn na húdaráis phoiblí solúbthacht maidir lena chinneadh conas a mharcáiltear táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta.

Féidearthacht amháin is ea córas 'pas nó teip' a úsáid. Agus an córas sin á úsáid acu, ba cheart d'údaráis phoiblí pasmharc a shocrú le haghaidh gach critéir a ndéantar measúnú air agus níor cheart do thomhaltóirí a bheith incháilithe don scéim nó do chúiteamh airgeadais breise ach amháin má bhaineann an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannaítear pasmharc amach le haghaidh gach ceann de na critéir a ndéantar measúnú orthu.

Mar shampla, má chinneann údarás poiblí cúiteamh airgeadais breise a thabhairt do chórais fhótavoltacha bunaithe ar an gcritéar athléimneachta agus ar an gcritéar inbhuanaitheachta comhshaoil, beidh air a chinneadh conas measúnú a dhéanamh ar na critéir sin (féach Roinn B) agus pasmharc a shocrú do gach ceann de na critéir sin. Ní bheidh ach ceannaitheoirí córas fótavoltach a bhaineann pasmharc amach don chritéar athléimneachta agus don chritéar inbhuanaitheachta comhshaoil i dteideal an chúitimh bhreise.

Is éasca an córas dénártha seo a chur chun feidhme agus a thuiscint. Cé go bhféadfadh sé nach ngabhfadh sé miondifríochtaí sna leibhéil éagsúla rannchuidithe leis an athléimneacht, leis an inbhuanaitheacht comhshaoil, leis an nuálaíocht nó le comhtháthú an chórais fuinnimh, trí phasmharc ar leith a leagan síos le haghaidh gach critéir, cuirtear ar a gcumas do na húdaráis phoiblí sainiúlachtaí gach critéir a mheas agus measúnú á dhéanamh acu orthu. Ina theannta sin, áirithítear leis go gcuirfear go mór leis an inbhuanaitheacht agus leis an athléimneacht – mar a cheanglaítear le hAirteagal 28(1) – agus seachnaítear leis go bhfágann feidhmíocht den scoth i gceann de na critéir gur féidir le táirgí rannchuidiú go dona le critéir eile. Thairis sin, trí phasmharc ar leith a shocrú le haghaidh gach critéir, rannchuidítear leis an bpróiseas marcála a dhéanamh soiléir agus trédhearcach, mar a cheanglaítear le hAirteagal 28(3) den NZIA. Dá bhrí sin, moltar d'údaráis phoiblí an córas marcála 'pas nó teip' a úsáid.

Mar sin féin, d'fhéadfaí córais mharcála eile a úsáid. Mar shampla, chun a mhéid a chomhlíonann táirgí deiridh na critéir a ndearnadh measúnú orthu a chur san áireamh.

In aon chás, mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn V.A den treoirdhoiciméad seo, ba cheart na córais mharcála agus na pasmharcanna a bhunú ar bhealach soiléir, trédhearcach agus oibiachtúil, rud a chruthódh creat simplí do pháirtithe leasmhara chun ceanglais na scéime a thuiscint agus a chomhlíonadh.

2. Roinnt teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chumhdaítear le scéim aonair

I gcásanna áirithe, is féidir le scéim a chumhdaítear le hAirteagal 28 den NZIA ceannach roinnt táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a dhreasú san am céanna. Mar shampla, d'fhéadfadh scéim tacú le hathchóiriú fuinnimh lena mbaineann córas fótavoltach gréine a shuiteáil le ceallraí agus teaschaidéal. Sna cásanna sin, ba cheart measúnú ar leithligh a dhéanamh ar an rannchuidiú athléimneachta agus inbhuanaitheachta le haghaidh gach táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a chumhdaítear leis an scéim, agus ní dheonófar incháilitheacht don scéim ná don chúiteamh airgeadais breise ach amháin le haghaidh na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhlíonann na critéir agus a fhaigheann na pasmharcanna.

B. **Measúnú ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta de réir na gceithre chritéar**

De réir Airteagal 28(4) den NZIA, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta táirge teicneolaíochta glan-nialasachta bunaithe ar rannchuidiú an táirge leis an athléimneacht (critéar éigeantach) agus le ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas: inbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht agus comhtháthú an chórais fuinnimh. Mar sin féin, ní chuireann sé sin cosc ar údaráis phoiblí critéir bhreise neamhphraghais a úsáid mar choinníoll incháilitheachta faoi scéimeanna ná mar choinníoll a bhaineann le cúiteamh airgeadais breise a dheonú, i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair.

Tugtar treoraíocht mhionsonraithe leis an roinn seo maidir le measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na ceithre chritéar: athléimneacht (critéar éigeantach), inbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht agus comhtháthú an chórais fuinnimh. Chun a áirithiú go leanfaidh an próiseas measúnaithe de bheith ábhartha agus éifeachtach i bhfianaise nuálaíochtaí teicneolaíochta agus forbairtí beartais atá ag teacht chun cinn, moltar do na húdaráis phoiblí é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, ag féachaint, mar shampla, ar ghnéithe comhshaoil na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta ar mian leo measúnú a dhéanamh orthu, nó ar na gnéithe ba cheart a mheas mar ghnéithe nuálacha.

1. An critéar athléimneachta

I gcomhréir le hAirteagal 28(4) den NZIA, cuirfear san áireamh sa mheasúnú ar an rannchuidiú leis an athléimneacht *an sciar den teicneolaíocht ghlan-nialasachta nó a príomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar na teicneolaíochta glan-nialasachta sin laistigh den Aontas*.

Eiseoidh an Coimisiún teachtaireacht thiomnaithe gach bliain lena dtabharfar faisnéis nuashonraithe maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla (i.e. tíortha nach Ballstáit den Aontas iad) don bhliain is déanaí atá ar fáil ([7]). Ba cheart sonraí maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais le haghaidh táirge teicneolaíochta glan-nialasachta nó le haghaidh príomh-chomhpháirt shonrach a sholáthraítear sa Teachtaireacht sin a bheith mar an t-aon phointe tagartha chun measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú athléimneachta faoi Airteagal 28 den NZIA.

I gcás táirge teicneolaíochta glan-nialasachta ar leith, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an rannchuidiú athléimneachta mar a leanas:

— **Mura soláthraítear** leis an leagan is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais **sciartha de sholáthar an Aontais** le haghaidh an táirge deiridh nó aon cheann dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú athléimneachta. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil an critéar athléimneachta comhlíonta agus ba cheart don mheasúnú ar an táirge deiridh díriú ar na critéir eile (inbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht agus / nó comhtháthú an chórais fuinnimh).

— Más rud é, sa leagan is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, **nach mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar** an táirge deiridh nó aon cheann dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha laistigh den Aontas **le haon tríú tír**, ba cheart a mheas go bhfuil an critéar athléimneachta comhlíonta agus ba cheart díriú leis an measúnú ar an táirge deiridh ar na critéir eile (inbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht agus / nó comhtháthú an chórais fuinnimh).

— Más rud é, sa leagan is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, **go mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar táirge deiridh** laistigh den Aontas **le tríú tír**, ba cheart go léireodh an marc a bhronntar ar an táirge deiridh dá rannchuidiú athléimneachta cion na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh an tríú tír atá i gceist. Is féidir é sin a dhéanamh ar roinnt bealaí.

Cur chuige A (bunaithe ar chritéir neamhphraghais i gceantanna). Féidearthacht amháin is ea na ceanglais maidir le príomh-chomhpháirteanna sonracha a leagtar síos in Airteagal 7(1)(a)-(f) de ghníomh cur chun feidhme an NZIA a léiriú lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid ([8]). Tá an cur chuige sin oiriúnach go háirithe do chórais mharcála 'pas nó teip'. Mar shampla, sainaithnítear i dTeachtaireacht 2025 maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais go mbíonn 79 % de sholáthar an Aontais de chórais fhótavoltacha gréine ag brath ar aon tríú tír amháin. Dá bhrí sin, dá gcuirfí an cur chuige a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme le haghaidh ceantanna i bhfeidhm, ní bhfaigheadh córas fótavoltach gréine pasmharc le haghaidh an chritéir athléimneachta faoi Airteagal 28 den NZIA ach amháin mura gcóimeáiltear an córas fótavoltach sa tríú tír sin agus mura raibh ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad a úsáideadh, lena n-áirítear go héigeantach an chill fótavoltachais, an modúl fótavoltachais agus an t-inbhéartóir fótavoltachais, de thionscnamh an tríú tír sin.

([7]) Tá Teachtaireacht 2025 le fáil anseo: EUR-Lex - 52025XC03236 - GA - EUR-Lex.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur in úsáid, IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj.

Cur chuige B (bunaithe ar ríomh). Féidearthacht eile is ea an athléimneacht a ríomh mar a mhínítear sa phointe urchair thíos.

— Más rud é, sa leagan is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, nach mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar aon táirge deiridh le tríú tír, ach **go mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar aon cheann dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha** laistigh den Aontas le **tríú tír**, ba cheart an marc a bhronntar ar an táirge deiridh dá rannchuidiú athléimneachta a bheith ag teacht le cion na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh an tríú tír sin. Mar shampla, d'fhéadfaí an rannchuidiú athléimneachta a ríomh mar a leanas:

$$Rannchuidiú\ athléimneachta = 1 - \frac{N_{3ú\ tír,\ príomh-chomhpháirteanna\ sonracha}}{N_{dep,\ príomh-chomhpháirteanna\ sonracha}}$$

I gcás táirge teicneolaíochta glan-nialasachta ar leith:

$N_{3ú\ tír,\ príomh\ -chomhpháirteanna\ sonracha}$	an líon iarbhír príomh-chomhpháirteanna sonracha a áirítear sa táirge teicneolaíochta glan-nialasachta atá á mheas lena n-áireamh faoin scéim, ar de thionscnamh an tríú tír iad lena mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas, de réir an leagain is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais; agus
$N_{dep,\ príomh\ -\ chomhpháirteanna\ sonracha}$	an líon príomh-chomhpháirteanna sonracha a áirítear sa táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas le tríú tír, de réir an leagain is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais.

Sampla den chaoi a ríomhtar an rannchuidiú athléimneachta

Chun cur i bhfeidhm praiticiúil an rannchuidithe athléimneachta a léiriú, smaoinigh ar na trí shampla seo a leanas de chórais grianteasa theirmigh a bhreithnítear faoi scéim. Chun críoch an tsampla seo, glacfaimid leis go bhfuil gach ceann de na trí chóras grianteasa theirmigh (i.e. an táirge deiridh) de thionscnamh tríú tír lena mbaineann níos lú ná 50 % de sholáthar córas grianteasa theirmigh laistigh den Aontas, de réir an leagain is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais. Glacfaimid leis freisin go bhfuil trí phríomh-chomhpháirt shonracha sna córais grianteasa theirmigh (tiomsaitheoir grianteasa theirmigh, ionsúire grianteasa theirmigh agus gloine gréine) ([9]) agus go léiríonn siad na saintréithe a léirítear i dTábla 1:

Tábla 1

Sampla de chórais grianteasa theirmigh a bhfuil saintréithe hipitéiseacha acu

Córas Fótavoltach	Saintréithe
Córas grianteasa teirmeach A	Tá tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh agus ionsúirí grianteasa theirmigh araon de thionscnamh tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar na gcomhpháirteanna sin laistigh den Aontas.
Córas grianteasa teirmeach B	Ní thagann ach gloine gréine ó thríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar ionsúirí grianteasa theirmigh laistigh den Aontas.
Córas grianteasa teirmeach C	Ní thagann aon cheann de na príomh-chomhpháirteanna sonracha ó thríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar na gcomhpháirteanna sin laistigh den Aontas.

([9]) De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún, is féidir ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha a bheith i dteicneolaíochtaí grianteasa – is iad sin tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh, ionsúirí grianteasa theirmigh, gloine gréine agus rianairí grianteasa theirmigh. Mar sin féin, ní úsáidtear na príomh-chomhpháirteanna sonracha uile i ngach táirge deiridh. Glactar leis sa sampla nach n-úsáidtear rianairí grianteasa teirmeacha, dá bhrí sin is é 3 seachas 4 ainmneoir na cothromóide i dTábla 3.

Ag glacadh leis, de réir an leagain is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, go bhfuil trí phríomh-chomhpháirt shonracha ann a mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar le tríú tír – is é sin tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh, ionsúirí grianteasa theirmigh agus gloine gréine – d'fhéadfaí an rannchuidiú athléimneachta a ríomh mar a léirítear i dTábla 2:

Tábla 2

Sampla den chaoi a ríomhtar an rannchuidiú athléimneachta le haghaidh trí chóras grianteasa theirmigh hipitéiseacha

	Córas grianteasa teirmeach A	Córas grianteasa teirmeach B	Córas grianteasa teirmeach C
An rannchuidiú athléimneachta a ríomh	$1 - \frac{2}{3} = 33\,\%$	$1 - \frac{1}{3} = 67\%$	$1 - \frac{0}{3} = 100\%$

— Maidir le Córas grianteasa theirmigh A, tá dhá phríomh-chomhpháirt shonracha (i.e. tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh agus ionsúirí grianteasa theirmigh) de thionscnamh tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar na gcomhpháirteanna sin laistigh den Aontas. Tagann an tríú príomh-chomhpháirt shonrach (i.e. gloine gréine) ó thríú tír nach mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas léi (mar sin féin, baineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas le tríú tír eile – nach bhfuil an gloine gréine dá tionscnamh). Dá bhrí sin, is é 33 % an rannchuidiú athléimneachta.

— Maidir le Córas grianteasa theirmigh B, tagann príomh-chomhpháirt shonrach amháin ó thríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas. Tagann an dá chomhpháirt eile ó thríú tír eile seachas an tír lena mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas. Is é 67 % an rannchuidiú athléimneachta dá bhrí sin.

— Maidir le Córas grianteasa theirmigh C, ní thagann aon cheann de na príomh-chomhpháirteanna sonracha ó thríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, is é 100 % an rannchuidiú athléimneachta.

Tionscnamh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chinneadh agus a chruthú

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 28(4), an fhomhír dheireanach, den NZIA: *Chun críocha an rannchuidithe leis an athléimneacht …, cinnfear an tír thionscnaimh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013*. Bunaítear leis an rialachán seo na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hoibríochtaí custaim laistigh den Aontas, lena n-áirítear coincheap na rialacha tionscnaimh chun áit tionscnaimh táirge a shainaithint. Léirítear na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair i 'Tábla rialacha liosta an Choimisiúin Eorpaigh lena mbronntar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (tar éis a n-aicmithe san AC)' ([10]). Léirítear in Iarscríbhinn I ceannteidil CC a bhaineann leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta is ábhartha d'Airteagal 28 den NZIA. Is féidir crostagairt a dhéanamh do na ceannteidil sin le tábla an Choimisiúin Eorpaigh chun na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair is infheidhme faoi Chóid Chustaim an Aontais a chinneadh.

Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear monaróirí agus díoltóirí, dearbhuithe custaim a sholáthar mar an phríomhdhoiciméadacht chun comhlíonadh an chritéir athléimneachta a léiriú. Maidir le tionscnamh neamhfhabhair, tá feidhm ag prionsabal na saorfhianaise, rud a fhágann gur féidir réimse leathan doiciméad agus fianaise iontaofa a úsáid chun áit mhonaraíochta nó chóimeála táirge a chruthú mar a dhearbhaítear sna dearbhuithe custaim. D'fhéadfaí a áireamh ar na doiciméid sin sonraisc, uimhreacha aitheantais táirge, sraithuimhreacha nó cóid, ainmchláir, deimhnithe tionscnaimh, billí luchta agus doiciméid iompair eile, billí ábhair, dearbhuithe soláthróirí, nótaí seachadta, conarthaí le soláthróirí, deimhnithe cigireachta monarchan nó córais forghníomhaithe monaraíochta.

([10]) An Coimisiún Eorpach, Tábla na rialacha liosta lena mbronntar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (de réir an aicmithe san AC), https://taxation-customs.ec.europa.eu/table-list-rules-conferring-non-preferential-origin-products-following-classification-cn_en.

Cé go bhféadfadh sé gur ghá an rannchuidiú athléimneachta a fhíorú le haghaidh gach príomh-chomhpháirte sonraí de tháirge teicneolaíochta glan-nialasachta (ar fud leibhéil éagsúla dá shlabhra luacha), ní sholáthraítear le dearbhuithe custaim ach faisnéis maidir le tionscnamh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a allmhairítear isteach san Aontas, agus ní maidir le príomh-chomhpháirteanna sonracha eile, mar shampla iad siúd ar leibhéal an tslabhra luacha ina dhiaidh sin, nó iad siúd a tháirgtear san Aontas. Ar an gcúis sin – agus ar an gcaoi chéanna leis an gceanglas in Airteagal 16(5) de ghníomh cur chun feidhme an NZIA lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna – ba cheart doiciméadacht chustaim a sholáthar i gcás ina mbeidh sí ar fáil agus féadfar í a fhorlíonadh le doiciméid ábhartha eile lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha i gcomhréir lena rialacha tionscnaimh neamhfhabhair. Mar shampla, i gcás modúl fótavoltach, ní sholáthraíonn an dearbhú custaim ach faisnéis maidir le tionscnamh an mhodúil fhótavoltaigh féin. Tá gá le doiciméid eile i measc na ndoiciméad a liostaítear thuas chun tionscnamh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha foluiteacha a chinneadh (i.e. gloine gréine, cealla fótavoltacha, sliseoga fótavoltacha, tinní sileacain de ghrád fótavoltach agus polaisileacón de ghrád fótavoltach).

Má theipeann ar thairgeoir doiciméad ábhartha a sholáthar lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála táirge deiridh nó príomh-chomhpháirte sonraí, ba cheart do na Ballstáit a mheas go huathoibríoch gur de thionscnamh tír a bhfuil spleáchas mór ag an Aontas uirthi na táirgí deiridh sin nó na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin, nó go bhfuil siad cóimeáilte i dtír den sórt sin.

2. An critéar inbhuanaitheachta comhshaoil

De réir Airteagal 28(4)(a) den NZIA, comhlíonann táirge teicneolaíochta glan-nialasachta an critéar inbhuanaitheachta comhshaoil nuair a sháraíonn sé na híoscheanglais sa dlí is infheidhme.

Chun meastóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirge deiridh, moltar modheolaíochtaí atá ann cheana a úsáid nuair is féidir. Trí úsáid a bhaint as cuir chuige sheanbhunaithe, seachnaítear an gá atá le tástálacha nua agus doiciméadacht bhreise, a d'fhéadfadh a bheith fadálach agus dian ar acmhainní, a chur faoi bhráid na n-údarás poiblí. Leis an gcur chuige pragmatach sin, cuirtear ar chumas tairbhithe féideartha iarratas a dhéanamh ar scéimeanna gan ualaí míchuí a bheith orthu a d'fhéadfadh iad a dhíspreagadh ó iarratas a dhéanamh murach sin.

Soláthraítear in Iarscríbhinn II liosta neamh-uileghabhálach de na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil atá ann cheana i ndlí an Aontais is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar inbhuanaitheachta comhshaoil faoi Airteagal 28 den NZIA. Is féidir le húdaráis phoiblí rogha a dhéanamh measúnú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na ceanglais sin. Táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil acu a sháraíonn na híoscheanglais sin, ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad an ceanglas inbhuanaitheachta comhshaoil faoi Airteagal 28 den NZIA. Sa chleachtas, fágann sé sin gur féidir le húdaráis phoiblí pasmharc nó marc níos airde a bhronnadh ar tháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a bhfuil gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil acu atá i bhfad níos fearr ná na cinn a shainordaítear leis na híoscheanglais atá ann cheana. Mar sin, i gcás gach gné inbhuanaitheachta comhshaoil ar mian le húdarás poiblí measúnú a dhéanamh uirthi, ba cheart dó tairseach a leagan síos lena sainítear an bhrí a bhaineann le 'i bhfad níos fearr' ná na híoscheanglais atá ann cheana.

Ní liosta uileghabhálach é liosta na gceanglas inbhuanaitheachta comhshaoil atá ann cheana dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II, rud a fhágann gur féidir le húdaráis phoiblí a roghnú freisin measúnú a dhéanamh ar ghnéithe eile bunaithe ar íoscheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil eile sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais atá ann cheana. In éagmais íoscheanglais ábhartha an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, is féidir le húdaráis phoiblí íoscheanglais náisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil a úsáid. In éagmais aon cheanglais ábhartha, moltar d'údaráis phoiblí ceanglais a shainiú maidir le cur i bhfeidhm an chritéir inbhuanaitheachta comhshaoil bunaithe ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana amhail an creat lipéadaithe fuinnimh a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1369 ([11]) nó caighdeáin Eorpacha. Leis sin, déanfar comhchuibhiú a uasmhéadú ar fud na mBallstát.

3. An critéar nuálaíochta

De réir Airteagal 28(4)(b) den NZIA, táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a rannchuidíonn leis an nuálaíocht is ea táirge *a sholáthraíonn réitigh atá go hiomlán nua nó a chuireann feabhas ar réitigh inchomparáide úrscothacha*. Is é is aidhm do chur i bhfeidhm an chritéir nuálaíochta sin ag údaráis phoiblí táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta nuálacha a dhreasú lena bhfeabhsaítear caighdeáin feidhmíochta nó lena dtugtar isteach coincheapa ceannródaíocha, agus ar an gcaoi sin tairbhí breise comhshaoil, eacnamaíocha agus / nó sóisialta a sholáthar.

([11]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE IO L 198, 28.7.2017, lch. 1-23.

Le húsáid an chritéir nuálaíochta, ba cheart ceanglas a thabhairt isteach maidir leis na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta chun leibhéal mór úrnuachta a léiriú nó chun feabhas mór a chur ar fheidhmíocht na teicneolaíochta i gcomparáid leis an úrscothacht. Sa dá chás, ba cheart don táirge teicneolaíochta glan-nialasachta leibhéal feabhais a léiriú i bpríomhtháscairí feidhmíochta a sháraíonn úrscothacht na dteicneolaíochtaí agus na réiteach atá ar fáil ar an margadh cheana féin. D'fhéadfaí a áireamh leis sin dul chun cinn in ábhair, dearadh, éifeachtúlacht nó feidhmiúlacht as a dtagann feidhmíocht fheabhsaithe nó tionchar laghdaithe na teicneolaíochta ar an gcomhshaol. Soláthraítear in Iarscríbhinn III liosta neamh-uileghabhálach de ghnéithe nuálacha a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas, tráth a ghlacfar an treoraíocht seo, a bheith leordhóthanach chun an critéar nuálaíochta a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh údaráis phoiblí ceanglais a leagan síos freisin a bhaineann le haibíocht na teicneolaíochta glan-nialasachta agus a cheangal ar mhonaróir na teicneolaíochta eolas ar an nuálaíocht a scaipeadh nó ceadúnais a thairiscint le haghaidh torthaí taighde agus tionscadail forbartha atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla ar phraghas margaidh agus ar bhonn neamheisiach agus neamh-idirdhealaitheach lena n-úsáid ag páirtithe leasmhara in LEE. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás scéimeanna lena ndírítear go hiomlán ar an nuálaíocht a chur chun cinn – seachas scéimeanna nach í an nuálaíocht an príomhspreagadh don tacaíocht iontu ach ar cuid de chuspóir níos leithne na scéime í.

Chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú táirge teicneolaíochta glan-nialasachta leis an nuálaíocht, ba cheart doiciméadacht a sholáthar d'údaráis phoiblí a thugann bunús leis na maímh nuálaíochta. D'fhéadfaí a áireamh leis sin paitinní nó doiciméadacht maoine intleachtúla, tuarascálacha taighde agus forbartha, sonraíochtaí táirgí teicniúla agus torthaí tástála feidhmíochta chun éifeachtacht na teicneolaíochta a bhailíochtú.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar leibhéal aibíochta an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta, i gcás inarb ábhartha, trí bhíthin modhanna inchreidte agus seanbhunaithe amhail an tagairt do leibhéal ullmhachta teicneolaí.

4. An critéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh

De réir Airteagal 3(30) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ciallaíonn *'comhtháthú an chórais fuinnimh' réitigh chun an córas fuinnimh ina iomláine a phleanáil agus a oibriú, ar fud iompróirí fuinnimh, bonneagair agus earnálacha tomhaltais éagsúla, trí naisc níos láidre a chruthú eatarthu chun seirbhísí fuinnimh atá saor ó iontaise, solúbtha, iontaofa agus tíosach ar acmhainní a sholáthar, ar an gcostas is lú is féidir don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol*.

Dá bhrí sin, leis an measúnú ar rannchuidiú táirge teicneolaíochta glan-nialasachta le comhtháthú an chórais fuinnimh, ba cheart gnéithe a bhaineann le pleanáil agus oibriú an chórais fuinnimh a mheas, in éineacht le gnéithe lena bhfeabhsaítear idir-inoibritheacht, solúbthacht ama, seirbhísí eangaí nó cumais stórála.

Ós rud é go n-úsáideann teaghlaigh, cuideachtaí nó tomhaltóirí táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a cheannaítear faoi Airteagal 28 den NZIA, d'fhéadfadh sé nach mbeadh faisnéis a bhaineann go sonrach le tionscadal amhail suíomh nó naisc ar fud iompróirí fuinnimh ar eolas ag an díolphointe. Dá bhrí sin, ba cheart díriú leis an measúnú ar chritéir ó thaobh an táirge.

Mar shampla, is féidir meastóireacht a dhéanamh ar thionchar táirge ar phleanáil agus ar oibriú na heangaí leictreachais trí mhéadracht lena dtomhaistear feidhmiúlachtaí freagartha don éileamh, amhail aga freagartha d'éilimh fuinnimh luaineacha, cumais bhuaicscafa agus córais chomhtháite bainistíochta fuinnimh lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais fuinnimh. Ina theannta sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar idir-inoibritheacht le teicneolaíochtaí agus gairis eile, lena n-áirítear an cumas nascadh go héasca le hiompróirí fuinnimh éagsúla, chun acmhainneacht comhtháthaithe an táirge a chinneadh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar sholúbthacht ama agus ar chumais stórála trí scrúdú a dhéanamh ar chumas an táirge aschur cumhachta a choigeartú de réir timthriallta éilimh agus freagairt do chomharthaí eangaí fíor-ama. Ba cheart a áireamh leis an measúnú sin, mura bhfuil údar cuí leis, na teicneolaíochtaí uile atá in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chórais fuinnimh a shainaithnítear.

Soláthraítear le hIarscríbhinn IV liosta neamh-uileghabhálach de ghnéithe táirge a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas a bheith leordhóthanach chun an critéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh a chomhlíonadh.

Chun **measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú táirge teicneolaíochta glan-nialasachta le comhtháthú an chórais fuinnimh**, ba cheart doiciméadacht a sholáthar d'údaráis phoiblí a thugann bunús leis an maíomh maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh. Féadfar a áireamh leis sin bileoga sonraí teicniúla lena leagtar amach gnéithe an táirge, lena n-áirítear sonraíochtaí a bhaineann le cumais freagartha don éileamh agus cumais bhuaicscafa, idir-inoibritheacht agus acmhainneacht stórála. D'fhéadfadh tástálacha saotharlainne neamhspleácha nó ionsamhlúcháin feidhmiúlacht agus méadrachtaí feidhmíochta an táirge a fhíorú.

C. **Samplaí léiritheacha den mheasúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta**

1. Sampla le haghaidh córais fhótavoltacha gréine

Sa sampla seo, breithnímid scéim lena ndreasaítear ceannach córas fótavoltach gréine. Chinn an t-údarás poiblí atá i gceannas ar an scéim incháilitheacht don scéim a dhéanamh coinníollach ar rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta na gcóras fótavoltach, agus an rannchuidiú sin a thomhas ach measúnú a dhéanamh ar an gcritéar athléimneachta, ar an gcritéar nuálaíochta agus ar an gcritéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh. Cinneann an t-údarás poiblí córas marcála 'pas nó teip' a úsáid. Leagtar amach leis freisin an modh measúnaithe a léirítear thíos:

— Déantar measúnú ar athléimneacht na gcóras fótavoltach de réir Chur Chuige A a leagtar amach i Roinn IV.B.1 (bunaithe ar chritéir neamhphraghais i gceantanna). I dTeachtaireacht 2025 maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, sainaithnítear spleáchas ard ar thríú tír aonair le haghaidh córais fhótavoltacha gréine (i.e. an táirge deiridh) agus le haghaidh roinnt dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha (modúil fhótavoltacha, cealla fótavoltacha, inbhéartóirí fótavoltacha agus sliseoga fótavoltacha). Dá bhrí sin, ní bhfaighidh córais fhótavoltacha gréine pasmharc ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

    — Ní chóimeáiltear an táirge deiridh sa tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar an Aontais;

    — Níl an inbhéartóir fótavoltachais de thionscnamh an tríú tír sin;

    — Ní de thionscnamh an tríú tír sin na cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis;

    — Ní dhéantar na modúil fhótavoltacha a chóimeáil sa tríú tír sin; agus

    — Ní de thionscnamh an tríú tír sin príomh-chomhpháirt shonrach amháin eile ar a laghad a úsáideadh.

— Déantar measúnú ar nuálaíocht na gcóras fótavoltach gréine trí thagairt d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an doiciméad seo. Ní bhfaighidh córais fhótavoltacha gréine pasmharc ach amháin má tá ceann amháin ar a laghad de na gnéithe nuálacha i dTábla 11 acu.

— Déantar measúnú ar chomhtháthú córais fuinnimh córas fótavoltach gréine trí thagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an doiciméad seo. Ní bhfaighidh córais fhótavoltacha gréine pasmharc ach amháin má tá ceann amháin ar a laghad de ghnéithe comhtháthaithe an chórais fuinnimh i dTábla 12 acu.

Breithnímis trí chóras fhótavoltacha gréine, a léirítear a saintréithe i dTábla 3:

Tábla 3

Liosta de chórais fhótavoltacha a bhfuil saintréithe hipitéiseacha acu

Córas fótavoltach A	— Ní dhéantar an córas fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar an Aontais; ní de thionscnamh an tríú tír sin an t-inbhéartóir fótavoltach agus an chill fhótavoltach. Is de thionscnamh an tríú tír sin iad comhpháirteanna eile a úsáidtear. — Tá an córas fótavoltach comhcheangailte le leictreonaic chumhachta lena gcumasaítear cumas déthreoch
Córas fótavoltach B	— Déantar an córas fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar an Aontais; ní de thionscnamh an tríú tír sin na hinbhéartóirí fótavoltacha, na cealla fótavoltacha agus an ghloine gréine; ní dhéantar an modúl fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír sin. — Tá an córas fótavoltach feistithe le hinbhéartóir cliste a dhéanann cumarsáid leis an eangach
Córas fótavoltach C	— Ní dhéantar an córas fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar an Aontais; ní de thionscnamh an tríú tír sin na hinbhéartóirí fótavoltacha, na cealla fótavoltacha agus an ghloine gréine; ní dhéantar an modúl fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír sin. — Tá gnéithe feabhsaithe ag an inbhéartóir fótavoltach chun feidhmíocht an chórais fhótavoltaigh a bharrfheabhsú. — Tá an córas fótavoltach comhcheangailte le leictreonaic chumhachta lena gcumasaítear cumas déthreoch

Léirítear i dTábla 4 conas a dhéantar measúnú ar incháilitheacht na dtrí chóras fótavoltach gréine sin don scéim.

Tábla 4

Measúnú ar incháilitheacht na gcóras fótavoltach gréine faoi scéim

	Córas Fótavoltach A	**Córas Fótavoltach B**	**Córas Fótavoltach C**
Athléimneacht	Teip	Teip	Pas
Nuálaíocht	Teip	Teip	Pas
Comhtháthú córas fuinnimh	Pas	Pas	Pas
Incháilitheacht don scéim	**Gan bheith incháilithe**	**Gan bheith incháilithe**	**Incháilithe**

2. Sampla le haghaidh teaschaidéal

Sa sampla seo, féachaimid ar scéim lena ndreasaítear ceannach teaschaidéal. Chinn an t-údarás poiblí atá i gceannas ar an scéim cúiteamh airgeadais breise a dheonú chun teaschaidéil a cheannach a bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu. Déantar an rannchuidiú sin a thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcritéar athléimneachta agus ar an gcritéar inbhuanaitheachta comhshaoil. Cinneann an t-údarás poiblí córas marcála 'pas nó teip' a úsáid agus socraíonn sé an modh measúnaithe agus na pasmharcanna seo a leanas:

— Déantar measúnú ar athléimneacht na dteaschaidéal de réir an mhodha ríofa a sholáthraítear i Roinn B.1 den doiciméad seo. Ós rud é nach sainaithnítear le Teachtaireacht 2025 maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais spleáchas ard ar na teaschaidéil ná ar a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha, faigheann gach teaschaidéal pasmharc le haghaidh an chritéir athléimneachta.

— Déantar measúnú ar inbhuanaitheacht comhshaoil na dteaschaidéal bunaithe ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh ([12]). Foráiltear le hAirteagal 7(2) den Rialachán, *i gcás ina dtabharfaidh na Ballstáit dreasachtaí i gcomhair táirge a shonraítear i ngníomh tarmligthe, is ar an dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a úsáidtear ar bhealach nach beag, nó ar aicmí is airde ná sin, a bheidh na dreasachtaí sin dírithe, mar a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe sin*. Ag glacadh leis gurb iad A++ agus A+++ an dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a úsáidtear le haghaidh teaschaidéal, socraítear an pasmharc ag A++.

Breithnímis trí theaschaidéal, a léirítear a saintréithe i dTábla 5:

Tábla 5

Liosta teaschaidéal a bhfuil saintréithe hipitéiseacha acu

Teaschaidéal A	— Léiríonn an monaróir go mbaineann an teaschaidéal le haicme A.
Teaschaidéal B	— Léiríonn an monaróir go mbaineann an teaschaidéal le haicme A++.
Teaschaidéal C	— Léiríonn an monaróir go mbaineann an teaschaidéal le haicme A+++.

([12]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE.

Léirítear i dTábla 6 conas a dhéantar measúnú ar incháilitheacht na dtrí theaschaidéal sin le haghaidh cúiteamh airgeadais breise.

Tábla 6

Sampla den mheasúnú ar incháilitheacht le haghaidh cúiteamh airgeadais breise le haghaidh teaschaidéal

	Córas A	**Córas B**	**Córas C**
An critéar athléimneachta	Gan aon spleáchas → **Pasmharc**	Gan aon spleáchas → **Pasmharc**	Gan aon spleáchas → **Pasmharc**
An critéar inbhuanaitheachta comhshaoil	A < A++ → **Marc Teipthe**	A++ = A++ → **Pasmharc**	A+++ > A++ → **Pasmharc**
Incháilitheacht le haghaidh cúiteamh airgeadais breise	**Gan bheith incháilithe**	**Incháilithe**	**Incháilithe**

3. Sampla le haghaidh córais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar

Sa tríú sampla, breithnímid scéim lena ndreasaítear ceannach córas tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar. Chinn an t-údarás poiblí atá i gceannas ar an scéim cúiteamh airgeadais breise a dheonú chun córais tiomána leictrí a cheannach a bhfuil rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta acu. Déantar an rannchuidiú sin a thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcritéar athléimneachta agus ar an gcritéar inbhuanaitheachta comhshaoil. Cinneann an t-údarás poiblí córas marcála ‘pas nó teip’ a úsáid agus socraíonn sé an modh measúnaithe agus na pasmharcanna a léirítear thíos:

— Déantar athléimneacht na gcóras tiomána leictrí a mheasúnú de réir an chur chuige ríomhbhunaithe a leagtar amach i Roinn B.1 den doiciméad seo. Mar shampla, glacaimid leis, de réir an leagain is déanaí den Teachtaireacht maidir leis na sciartha de sholáthar an Aontais, go mbaineann níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas de na córais tiomána leictrí agus de cheithre cinn dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha le tríú tír aonair. Tá an pasmharc socraithe ag 30 %.

— Déantar measúnú ar inbhuanaitheacht comhshaoil na gcóras tiomána leictrí bunaithe ar shubstaintí guaiseacha a bheith sa cheallra-phaca iompair. Cinneann an t-údarás poiblí go bhfaigheann córais tiomána leictrí pasmharc má tá sciar céatadáin an mhearcair 30 % ar a laghad níos ísle ná an t-uasmhéid a cheadaítear faoin Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe, i.e. 0,00035 % ar a mhéad.

Breithnímis trí chóras tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar, a léirítear a saintréithe i dTábla 7:

Tábla 7

Liosta de chórais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar a bhfuil saintréithe hipitéiseacha acu

Córas A	— Is de thionscnamh an tríú tír lena mbaineann níos mó ná 50 % de sholáthar córas tiomána leictrí laistigh den Aontas Eorpach é an córas tiomána leictrí, chomh maith le trí cinn dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha. — Léiríonn an monaróir go bhfuil 0,001 % de mhearcair sa cheallra-phaca iompair.
Córas B	— Is de thionscnamh an Aontais an córas tiomána leictrí, ach is de thionscnamh an tríú tír ceann de na príomh-chomhpháirteanna sonracha a mbaineann mó ná 50 % de sholáthar na comhpháirte sin laistigh den Aontas léi. — Léiríonn an monaróir go bhfuil 0,00025 % de mhearcair sa cheallra-phaca iompair.
Córas C	— Is de thionscnamh an Aontais an córas tiomána leictrí agus a phríomh-chomhpháirteanna sonracha uile. — Léiríonn an monaróir go bhfuil 0,0005 % de mhearcair sa cheallra-phaca iompair.

Léirítear le Tábla 8 an chaoi a ndéantar measúnú ar incháilitheacht na dtrí chóras tiomána leictrí sin le haghaidh cúiteamh airgeadais breise:

Tábla 8

Sampla de mheasúnú ar incháilitheacht le haghaidh cúiteamh airgeadais breise ar chórais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar

	Córas A	**Córas B**	**Córas C**
An critéar athléimneachta	$1 - \frac{3}{4} = 25\% < 30\%$ **→ Marc teipthe**	$1 - \frac{1}{4} = 75\% > 30\%$ **→ Pasmharc**	$1 - \frac{0}{4} = 100\% > 30\%$ **→ Pasmharc**
An critéar inbhuanaitheachta comhshaoil	0,001 % > 0,00035 % **→ Marc teipthe**	0,00025 % < 0,00035 % **→ Pasmharc**	0,0005 % > 0,00035 % **→ Marc teipthe**
Incháilitheacht le haghaidh cúiteamh airgeadais breise	**Gan bheith incháilithe**	**Incháilithe**	**Gan bheith incháilithe]**

V. TRÉDHEARCACHT, NEAMH-IDIRDHEALÚ AGUS ROCHTAIN AR FHAISNÉIS

Le hAirteagal 28(3) agus (5) den NZIA, leagtar síos ceanglais maidir le trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus rochtain ar fhaisnéis. Tugtar treoraíocht sa chaibidil seo maidir le conas iad a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, moltar d'údaráis phoiblí dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus dea-chumarsáid a áirithiú leo agus Airteagal 28 den NZIA á chur i bhfeidhm acu. Mar shampla, chun a chur in iúl cé na scéimeanna a bheartaíonn siad a chruthú agus / nó a thabhairt cothrom le dáta, conas a ríomhfaidh siad an rannchuidiú athléimneachta, cé na gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil, nuálaíochta nó comhtháthaithe córais fuinnimh a ndéanfaidh siad measúnú orthu, agus cé na córais mharcála agus na pasmharcanna arb é is aidhm dóibh iad a shocrú. Cuideoidh sé sin le deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht fhorálacha Airteagal 28 den NZIA chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní.

A. Próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach

I gcomhréir le hAirteagal 28(3) den NZIA, déanfaidh na húdaráis phoiblí measúnú ar athléimneacht agus rannchuidiú inbhuanaitheachta na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta atá ar fáil ar an margadh ar bhonn próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Tá feidhm ag na treoirlínte seo a leanas maidir leis an measúnú sin:

Oscailteacht

De réir Airteagal 28(3) den NZIA, beidh aon táirge teicneolaíochta glan-nialasachta i dteideal iarratas a dhéanamh ar dhul isteach sa scéim aon tráth. Ba cheart do mhonaróirí teicneolaíochtaí glan-nialasachta nó do thomhaltóirí a cheannaíonn iad a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar na scéimeanna aon tráth chun fianaise a chur isteach go gcomhlíonann an táirge teicneolaíochta glan-nialasachta ceanglais na scéime agus ba cheart dóibh rochtain a thabhairt ar na tairbhí ón scéim.

Neamh-idirdhealú

Ba cheart d'údaráis phoiblí scéimeanna a dhearadh agus a chur chun feidhme faoi Airteagal 28 den NZIA trí úsáid a bhaint as critéir agus modheolaíochtaí trédhearcacha oibiachtúla. Níor cheart scéimeanna a cheapadh ná a chur chun feidhme ar bhealach nach rachaidh siad chun tairbhe ach do chuideachtaí sonracha, go háirithe cuideachtaí náisiúnta. Ba cheart an chóir chéanna a thabhairt do gach táirge teicneolaíochta glan-nialasachta a dhéanann iarratas ar dhul isteach sa scéim agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu ar an mbealach céanna ach amháin má tá údar oibiachtúil leo.

Trédhearcacht

Ba cheart do na húdaráis phoiblí atá i gceannas ar scéim na critéir agus na nósanna imeachta measúnaithe a fhoilsiú agus an scéim á seoladh acu. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh leis sin:

— Cé na critéir a chuirfear san áireamh (i.e. athléimneacht, inbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht nó comhtháthú an chórais fuinnimh);

— Cé na gnéithe táirge deiridh a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na critéir (e.g. d'fhéadfaí éifeachtúlacht fuinnimh a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an gcritéar inbhuanaitheachta comhshaoil);

— Cén córas marcála a úsáidfear (pas / teip nó scála grádaithe);

— Cé na pasmharcanna a úsáidfear.

B. **Infhaighteacht faisnéise**

Luaitear le hAirteagal 28(5) den NZIA *go bhfoilseoidh na húdaráis phoiblí ar shuíomh gréasáin aonair ar a bhfuil rochtain saor in aisce an fhaisnéis uile a bhaineann le scéimeanna […] le haghaidh gach táirge teicneolaíochta glan-nialasachta ábhartha*. Ba cheart don suíomh gréasáin trédhearcacht agus intuarthacht a áirithiú trí fhaisnéis chuimsitheach a sholáthar maidir leis na scéimeanna, d'oibreoirí eacnamaíocha agus do thomhaltóirí araon.

— I gcás oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart a áireamh ann tuairisc ar an scéim, na critéir incháilitheachta agus an nós imeachta measúnaithe (mar a luaitear i Roinn V.A den doiciméad seo), chomh maith le faisnéis maidir le conas fianaise a chur isteach chun a léiriú go gcomhlíonann a dtáirge deiridh na ceanglais faoin scéim agus ba cheart ceannaitheoirí a bheith i dteideal tairbhiú d'incháilitheacht faoin scéim nó de chúiteamh airgeadais breise. , . D'fhéadfaí faisnéis a áireamh ann freisin chun iad a threorú maidir le conas a léiriú go gcomhlíonann a dtáirgí na ceanglais maidir le.

— I gcás tomhaltóirí, ba cheart tuairisc ar an scéim a áireamh ar an suíomh gréasáin chomh maith le liosta cothrom le dáta de na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta uile lena ndeonaítear incháilitheacht dóibh le haghaidh na scéime nó le haghaidh cúiteamh airgeadais breise. Áiritheofar leis sin deimhneacht dhlíthiúil agus éascaíocht úsáide do thomhaltóirí. Ba cheart dó cur ar a gcumas do thomhaltóirí freisin fianaise a chur isteach iad féin i gcás nach bhfuil an táirge deiridh atá beartaithe acu a cheannach ar an liosta (fós) agus faisnéis a sholáthar maidir le conas é sin a dhéanamh.

Ba cheart rochtain saor in aisce a bheith ar an suíomh gréasáin agus ba cheart dó faisnéis teagmhála a sholáthar chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha agus do thomhaltóirí araon.

IARSCRÍBHINN I

CEANNTEIDIL CC CHUN NA RIALACHA TIONSCNAIMH A CHINNEADH MAIDIR LE TEICNEOLAÍOCHTAÍ GLAN-NIALASACHTA ATÁ ÁBHARTHA D'AIRTEAGAL 28 DEN NZIA

Cuirtear i láthair le Tábla 9 forbhreathnú cuimsitheach ar cheannteidil CC a bhaineann leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta is ábhartha d'Airteagal 28 den NZIA, a sholáthróidh na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair is infheidhme maidir leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta sin a luaithe a dhéanfar iad a chrostagairt le 'Tábla na rialacha liosta lena dtugtar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (de réir an aicmithe san AC)' ón gCoimisiún Eorpach ([1]). Feidhmíonn an fhaisnéis sin mar thagairt ríthábhachtach do pháirtithe leasmhara atá ag iarraidh tuiscint a fháil ar conas tionscnamh na dteicneolaíochtaí sin laistigh den Aontas a chinneadh.

Tábla 9

Ceannteidil CC a bhaineann le táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus na príomh-chomhpháirteanna sonracha atá ábhartha d'Airteagal 28 den NZIA

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Comhpháirteanna	Ceannteideal CC
Córais fhótavoltacha ghréine	Polaisileacón de ghrád fótavoltach	2804
	Tinní sileacóin de ghrád fótavoltach nó a gcoibhéis	2804
	Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis	3818
	Cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis	ex 8541 (a)
	Gloine gréine	7005
		ex7006(b)
		7007
	Modúil fhótavoltacha	ex 8541 (a)
	Inbheartóirí fhótavoltacha	8504
	Rianairí fótavoltacha agus a struchtúir ghléasta shonracha	8479
Córais grianteasa theirmigh	Tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh (lena n-áirítear tiomsaitheoirí leacaithe, tiomsaitheoirí feadán folmhaithe, dianchórais agus tiomsaitheoirí aeir)	8419
	Ionsúirí grianteasa theirmigh	8419
	Gloine gréine	7005
		ex7006(b)
		7007
	Rianairí grianteasa theirmigh agus a struchtúir ghléasta shonracha	8479

([1]) An Coimisiún Eorpach, Tábla na rialacha liosta lena mbronntar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (de réir an aicmithe san AC), https://taxation-customs.ec.europa.eu/table-list-rules-conferring-non-preferential-origin-products-following-classification-cn_en.

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Comhpháirteanna	Ceannteideal CC
Ceallraí	Ceallra-phacaí	8507
	Modúil ceallraí	8507
	Cealla ceallraí	8507
	Ábhair ghníomhacha chatóide	2842
		2841
	Ábhair ghníomhacha anóide	3801 10
	Leictrilítí	2826
	Deighilteoirí	8507
	Tiomsaitheoirí cumhachta (lena n-áirítear scragaill chopair thanaí, alúmanaim, nicile agus charbóin)	7410
		7607 11
		7607 19
		ex7506(a)
	Córais bainistithe ceallra	8537
Teaschaidéil	Teaschaidéil	8418
	Comhlaí ceithre bhealach	8481
	Comhbhrúiteoirí scrollála/ comhbhrúiteoirí rothlacha teaschaidéil	8414
Trealamh Soláthair Feithiclí Leictreacha	Trealamh Soláthair Feithiclí Leictreacha	8504
		8537
Córais tiomána leictrí le haghaidh iompar de bhóthar agus iompar eisbhóthair	Mótair leictreacha tiomána iompair	ex 8501 (B)
	Buanmhaighnéid de mhótair leictreacha iompair	8505
	Ceallra-phacaí iompair	8505
	Breosla-chill iompair	ex 8501 (B)
	Inbheartóirí iompair	8504
	Luchtairí ar bord	8504
		8537

Nótaí: ***Níor cuireadh ceannteidil CC a bhaineann leis na príomh-chomhpháirteanna sonracha seo a leanas san áireamh toisc go bhfuil meastóireacht fós á déanamh orthu: Córais bainistithe theirmigh ceallra (BTMS), Aonaid dáilte cumhachta ardvoltais tiomána leictrí, Umair stórála hidrigine ar bord.***

IARSCRÍBHINN II

SAMPLAÍ D'ÍOSCHEANGLAIS INBHUANAITHEACHTA COMHSHAOIL ATÁ ANN CHEANA

Soláthraítear leis an Iarscríbhinn seo liosta neamh-uileghabhálach de na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil atá ann cheana i ndlí an Aontais a d'fhéadfaí a úsáid chun an critéar inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun feidhme faoi Airteagal 28 den NZIA. Amach anseo, is rídhócha go nglacfar tuilleadh ceanglas inbhuanaitheachta comhshaoil, mar shampla faoin Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos ([1]). Forchuirfidh siad sin íoscheanglais bhreise agus soláthróidh siad modheolaíochtaí ar féidir leo a bheith ina dtagairtí agus ina n-uirlisí chun an critéar inbhuanaitheachta comhshaoil faoi Airteagal 28 den NZIA a chur i bhfeidhm.

Córais fhótavoltacha

— Go dtí seo, níl aon íoscheanglas i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil modúl agus inbhéartóirí fótavoltacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis phoiblí tagairt a dhéanamh d'íoscheanglais náisiúnta maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil. In éagmais ceanglais ábhartha, moltar d'údaráis phoiblí ceanglais a shainiú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28 den NZIA bunaithe ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana, d'fhonn comhchuibhiú a áirithiú ar fud an Aontais. Mar shampla, d'fhéadfaí meastóireacht a dhéanamh ar chiorclaíocht táirgí trí úsáid a bhaint as caighdeán Eorpach EN 45554: Modhanna ginearálta chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas táirgí a bhaineann le fuinneamh a dheisiú, a athúsáid agus a uasghrádú.

Teicneolaíochtaí grianteasa

— Leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus a Rialachán cur chun feidhme (AE) 814/2013 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos íoscheanglais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh téitheoirí uisce chomh maith le huasleibhéil le haghaidh astaíochtaí ocsaídí nítrigine ó théitheoirí uisce (féach Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 814/2013 ón gCoimisiún). Is féidir na luachanna sin a úsáid mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí cinneadh a dhéanamh pasmharc / marc níos airde a thabhairt do theicneolaíochtaí grianteasa a bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh i bhfad níos fearr acu nó a bhfuil astaíochtaí ocsaíde nítrigine i bhfad níos ísle acu.

Ceallraí

— Cuireann an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe ([3]) srian ar shubstaintí guaiseacha a úsáid i gceallraí (féach Airteagal 6 den Rialachán sin agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis). Socraítear leis cionta uasta céatadáin maidir le mearcair, caidmiam agus luaidhe a bheith i gceallraí. Is féidir na luachanna sin a úsáid mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Is féidir le húdaráis phoiblí pasmharc / marc níos airde a thabhairt do cheallraí ina bhfuil níos lú mearcair, caidmiam agus luaidhe ná mar a leagtar síos sa Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe.

— Ó mhí Lúnasa 2026, leagfar síos leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe íoscheanglais maidir le hábhar athchúrsáilte i gcineálacha áirithe ceallraí (féach Airteagal 8 den Rialachán): leagfar síos leis cionta íosta céatadáin cóbailt, luaidhe, litiam agus nicile atá i gceallraí ar cheart iad a athchúrsáil, i.e. a aisghabháil ó dhramhaíl. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, is féidir na ceanglais sin a úsáid mar thagairt agus critéar inbhuanaitheachta comhshaoil Airteagal 28 den NZIA á chur i bhfeidhm. Mar shampla, féadfaidh údaráis phoiblí a chinneadh go bhfaighidh ceallraí ina bhfuil cion d'ábhar athchúrsáilte a sháraíonn na híoscheanglais is infheidhme pasmharc nó gur féidir leo marcanna a leithdháileadh ar cheallraí bunaithe ar a mhéid a sháraíonn an cion d'ábhar athchúrsáilte na híoscheanglais sin.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj/eng.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí, IO L 239, 6.9.2013, lch. 162.

([3]) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE.

— Ó 2027 agus 2028, leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe agus le dhá cheann dá ghníomhartha tarmligthe (atá fós le glacadh – féach Airteagal 10 den Rialachán agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis) leagfar síos íoscheanglais maidir le feidhmíocht leictrimheicniúil agus marthanacht ceallraí (amhail saolré ceallraí) le haghaidh cineálacha áirithe ceallraí. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, is féidir na ceanglais sin a úsáid freisin mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí pasmharc a thabhairt nó marcanna níos airde a leithdháileadh ar cheallraí a bhfuil feidhmíocht leictrimheicniúil nó marthanacht acu a sháraíonn go mór na híoscheanglais sin.

— Amach anseo, socrófar leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe agus a ghníomhartha tarmligthe (atá fós le glacadh – féach Airteagal 7(3) den Rialachán sin) uastairseacha do lorg carbóin ar feadh saolré cineálacha áirithe ceallraí. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, is féidir na tairseacha sin a úsáid freisin mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí pasmharc a thabhairt nó marcanna níos airde a leithdháileadh ar cheallraí a bhfuil lorg carbóin saolré acu atá i bhfad níos ísle ná na tairseacha a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe.

Teaschaidéil

— Leagtar síos in dhá Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht ([4]) íoscheanglais éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh cineálacha éagsúla teaschaidéal (féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Rialacháin). Sáraíonn Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh ([5]) na híoscheanglais sin trí dhreasachtaí na mBallstát le haghaidh táirgí áirithe a chur faoi réir ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh níos uaillmhianaí: *i gcás ina dtabharfaidh na Ballstáit dreasachtaí i gcomhair táirge a shonraítear i ngníomh tarmligthe, is ar an dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a úsáidtear ar bhealach nach beag, nó ar aicmí is airde ná sin, a bheidh na dreasachtaí sin dírithe, mar a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe sin*. I gcás teaschaidéal, áirítear leis na gníomhartha tarmligthe ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún ([6]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún ([7]). Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí marcanna níos airde a leithdháileadh ar theaschaidéil a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe sin.

— Leagtar síos sa Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe ([8]) ceanglais a bhaineann le poitéinseal téimh dhomhanda (GWP) cuisneán a úsáidtear i dteaschaidéil, in aerchóiriú agus i gcórais chuisniúcháin (féach Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe). Toirmisctear leis trealamh a bhfuil leibhéal áirithe GWP aige a chur ar an margadh. Agus iad ag brath ar an gcineál trealaimh agus ar an ngás atá in úsáid, tiocfaidh na toirmisc i bhfeidhm ar dhátaí éagsúla. Dá bhrí sin:

  — Sula dtiocfaidh na toirmisc i bhfeidhm, is féidir le húdaráis phoiblí marcanna níos airde a leithdháileadh ar threalamh a chomhlíonann anois na tairseacha a bheidh ann amach anseo a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe, lena n-áirítear iad siúd a dteastaíonn trealamh uathu gan gáis ceaptha teasa fhluairínithe a bheith iontu in aon chor.

  — Sula dtiocfaidh na toirmisc i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin, is féidir le húdaráis phoiblí marcanna níos airde a leithdháileadh ar threalamh atá á chur ar an margadh a sháraíonn go mór na tairseacha íosta a cheanglaítear a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe, bíodh sé sin i ndáil le GWP an chuisneáin atá in úsáid, nó i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a bheith sa trealamh nó gan iad a bheith ann.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí; Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan amach do tháirgí a bhaineann le fuinneamh, i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí aerthéimh, táirgí fuaraithe, fuaraitheoirí próisis ardteochta agus aonaid ghaothráin agus chorna.

([5]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE.

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le lipéadú fuinnimh téitheoirí spáis, comhthéitheoirí, pacáistí téitheora spáis, feiste rialaithe teochta agus grianfheiste agus pacáistí comhthéitheora, rialaithe teochta agus grianfheiste (IO L 239, 6.9.2013).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le lipéadú fuinnimh téitheoirí uisce, umar stórála uisce thé agus pacáistí téitheora uisce agus grianfheiste (IO L 239, 6.9.2013).

([8]) Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014.

Trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha (EVSE)

— Leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ([9]), socraítear uasluachanna tiúchana maidir le substaintí guaiseacha a bheith i dtrealamh leictreach agus leictreonach (féach Airteagal 4 den Treoir agus Iarscríbhinn II a ghabhann léi). Tá feidhm ag na ceanglais sin maidir le comhpháirteanna áirithe EVSE amhail cáblaí, iniaimh phlaisteacha agus cláir ciorcad phriontáilte. Is féidir iad a úsáid mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí pasmharc a thabhairt nó marcanna níos airde a leithdháileadh ar EVSE ina bhfuil i bhfad níos lú substaintí guaiseacha ná na tairseacha a leagtar síos sa Treoir.

Córais tiomána leictrí le haghaidh uisce-iompair

— Cuireann an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe ([10]) srian ar shubstaintí guaiseacha a úsáid i gceallraí (féach Airteagal 6 den Rialachán agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis). Socraítear leis cion uasta céatadáin (0,0005 %) le haghaidh mearcair a bheith i gceallraí feithiclí leictreacha. Is féidir é sin a úsáid mar íoscheanglas faoi Airteagal 28 den NZIA. Is féidir le húdaráis phoiblí a chinneadh pasmharc / marc níos airde a thabhairt do chórais tiomána leictrí a bhfuil ceallraí acu ina bhfuil i bhfad níos lú mearcair ná mar a leagtar síos sa Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe.

— Ó mhí Lúnasa 2026, leagfar síos leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe ([11]) íoscheanglais maidir le hábhar athchúrsáilte i gceallraí feithiclí leictreacha (féach Airteagal 8 den Rialachán): leagfar síos leis cionta íosta céatadáin cóbailt, luaidhe, litiam agus nicile atá i gceallraí ar cheart iad a athchúrsáil, i.e. a aisghabháil ó dhramhaíl. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, is féidir na ceanglais sin a úsáid mar thagairt chun critéar inbhuanaitheachta comhshaoil Airteagal 28 den NZIA a chur i bhfeidhm. Mar shampla, is féidir le húdaráis phoiblí a chinneadh go bhfaighidh córais tiomána leictrí a bhfuil ceallra acu ina bhfuil cion d'ábhar athchúrsáilte a sháraíonn na híoscheanglais is infheidhme pasmharc nó gur féidir leo marcanna a leithdháileadh ar chórais tiomána leictrí bunaithe ar a mhéid a sháraíonn an cion d'ábhar athchúrsáilte ina gceallraí na híoscheanglais sin.

— Ó mhí Lúnasa 2026, leagfar síos leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe agus le ceann dá ghníomhartha tarmligthe (atá fós le glacadh – féach Airteagal 7(3) den Rialachán sin) íoscheanglais maidir le lorg carbóin ceallraí feithiclí leictreacha. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, is féidir na ceanglais sin a úsáid freisin mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Dá bhrí sin, is féidir le húdaráis phoiblí pasmharc a thabhairt nó marcanna níos airde a leithdháileadh ar chórais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar a bhfuil ceallra acu a bhfuil lorg carbóin atá i bhfad níos ísle ná an t-íoscheanglas aige.

— Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/1257 ([12]) íoscheanglais maidir le marthanacht ceallraí (féach Airteagal 6 den Rialachán agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis) is féidir a úsáid mar íoscheanglais faoi Airteagal 28 den NZIA. Is féidir le húdaráis phoiblí a chinneadh pasmharc / marc níos airde a thabhairt do chórais tiomána leictrí a bhfuil marthanacht ceallra acu atá i bhfad níos fearr ná an t-íoscheanglas.

([9]) Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (athmhúnlú).

([10]) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE.

([11]) Ibid.

([12]) Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.

IARSCRÍBHINN III

SAMPLAÍ DE GHNÉITHE NUÁLACHA

Soláthraítear le Tábla 10 liosta neamh-uileghabhálach de ghnéithe nuálacha a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas a bheith leordhóthanach chun an critéar nuálaíochta a chomhlíonadh agus measúnú á dhéanamh acu ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Cumhdaítear leis na táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta is ábhartha d'Airteagal 28 den NZIA. Léirítear leis an liosta sin úrscothacht na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta ag deireadh 2025. Mar sin féin, is cinnte go dtiocfaidh forbairt ar an méid a mheastar a bheith nuálach le himeacht ama, de réir mar a fhorbraítear dul chun cinn nua agus réitigh theicneolaíocha. Tá faisnéis atá cothrom le dáta maidir le gnéithe nuálacha agus aibíocht teicneolaíochta le fáil i mbunachair sonraí amhail Treoir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh maidir le Teicneolaíocht Fuinnimh Ghlain ([1]).

Tábla 10

Samplaí de ghnéithe nuálacha a mheastar a bheith leordhóthanach chun an critéar nuálaíochta a chomhlíonadh in 2025

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Gné nuálach *(Bunaithe ar an úrscothacht in 2025)*
Córais fhótavoltacha ghréine	Modúil fhótavoltacha bunaithe ar chealla fótavoltacha sraithe pearóivscíte agus pearóivscíte c-Si
	Modúil fhótavoltacha bunaithe ar chealla fótavoltacha ilchumair
	Córais fhótavoltacha agravoltacha agus córais fhótavoltacha chomhtháite a thógáil
	Modúil fhótavoltacha a bhfuil cealla fótavoltacha comhtháite cúlchealla agus heitreachumair acu
	Modúil fhótavoltacha a bhfuil trédhearcacht mhéadaithe nó rialaithe acu
	Inbhéartóirí a bhfuil gnéithe feabhsaithe acu chun feidhmíocht an chórais fhótavoltaigh a bharrfheabhsú, an córas fuinnimh a chomhtháthú nó le haghaidh cibearshlándála
Córais grianteasa theirmigh	Córais chomhtháite grianteasa a thógáil
Ceallraí	Ceallraí soladstaide (lena n-áirítear le leictrilít hibrideach / leathsholadach)
	Ceallraí sulfair litiam
	Ceallraí an-mharthanach le haghaidh feidhmeanna suite
	Ceallraí ard-dlúis fuinnimh
	Ceallraí atá saor ó Amh-mhianraí Criticiúla
Teaschaidéil	Téamh agus fuarú teirmeafhuaimeach
	Teaschaidéil ardteochta
	Fuarú soladstaide
	Teicneolaíochtaí nach comhbhrú gaile iad agus nach bhfuil bunaithe ar ionsú
Trealamh soláthair feithiclí leictreacha	Luchtú ionduchtach
	Dearaí atá feistithe le diagnóisic le haghaidh cothabháil thuarthach
	Dlúthdhearaí
	Dearaí modúlacha, i gcás inar féidir comhpháirteanna a athsholáthar nó a uasghrádú go héasca
	Dearaí lena gcuirtear deireadh leis an ngá atá le trinseáil nó dúshraitheanna

([1]) An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, *ETP Clean Energy Technology Guide* [Treoir ETP maidir le Teicneolaíocht Fuinnimh Ghlain], https://www.iea.org/data-and-statistics/data-tools/etp-clean-energy-technology-guide.

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Gné nuálach *(Bunaithe ar an úrscothacht in 2025)*
Córais tiomána leictrí le haghaidh uisce-iompair	Gléasraí cumhachta leictreacha modúlacha, lenar féidir comhpháirteanna a athsholáthar nó a uasghrádú go héasca
	Ceallraí soladstaide
	Ceallraí sulfair litiam
	Mótair flosca aiseacha
	Mótair a bhfuil aimhleisceas lasctha orthu
	Mótair ionduchtaithe
	Mótair a bhfuil aimhleisceas sioncronach orthu
	Mótair ardfhorbartha atá bunaithe ar fheirít
	Inbhéartóirí ardfhorbartha nítríde gailliam cairbíde sileacain

IARSCRÍBHINN IV

SAMPLAÍ DE CHOMHTHÁTHÚ AN CHÓRAIS FUINNIMH

Le Table 11 soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de na gnéithe a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas a bheith leordhóthanach chun rannchuidiú comhtháthaithe an chórais fuinnimh a chomhlíonadh agus measúnú á dhéanamh acu ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. Breithnítear leis an liosta sin acmhainneacht na dtáirgí chun nascacht ard agus comhtháthú gníomhach eangaí a chumasú agus chun tacú le pleanáil níos fearr agus oibriú éifeachtúil an chórais fuinnimh. Breithnítear leis freisin acmhainneacht na dtáirgí chun solúbthacht na heangaí a fheabhsú trí acmhainneacht stórála agus feidhmiúlachtaí buaicscafa a chomhtháthú, chomh maith lena n-idirinoibritheacht.

Tábla 11

Samplaí de ghnéithe teicniúla a mheastar a bheith leordhóthanach chun an critéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh a chomhlíonadh

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	An coinníoll chun an critéar maidir le comhtháthú an chórais fuinnimh a chomhlíonadh
Córais fhótavoltacha ghréine	Solúbthacht maidir le soláthar na heangaí ([1])
	Comhtháite le stóráil ceallraí
	Comhcheangailte le trealamh soláthair feithiclí leictreacha
	Feistithe le hinbhéartóir cliste a dhéanann cumarsáid leis an eangach (e.g. chun freagairt don éileamh agus le haghaidh rialáil minicíochta)
Córais grianteasa theirmigh	Comhcheangailte le teaschaidéil nó téamh ceantair
Ceallraí	Comhcheangailte le leictreonaic chumhachta lena gcumasaítear cumas déthreoch
	Acmhainn rialaithe minicíochta
	Acmhainn aga freagartha tapa
	Acmhainn seirbhísí eangaí
	Acmhainn athshlánaithe i ndiaidh múchta ([2])
Teaschaidéil	Teaschaidéil a bhfuil an lipéad 'réidh don fhótavoltachas' acu
	Comhlíonadh an chóid iompair maidir le fearais chliste fuinnimh arna fhorbairt ag JRC ([3])
	Teaschaidéil ionsúcháin nó asúcháin in éineacht le haisghabháil dramhtheasa nó le córais grianteasa
	Atá feistithe le cumais rialaithe chliste (e.g. an acmhainneacht chun múchadh i gcás tearcmhinicíochta san eangach leictreachais)
Trealamh soláthair feithiclí leictreacha	Cumas freagartha don éileamh
	Feistithe le cumas déthreoch (e.g. ó fheithicil go heangach, ó fheithicil go baile, ó fheithicil go lasta)
	Comhcheangailte le córas fótavoltach gréine
Córais tiomána leictrí le haghaidh uisce-iompair	Feistithe le cumas déthreoch
	Comhtháite le trealamh lena gcumasaítear cumas freagartha don éileamh
	Feistithe le gnéithe nascachta agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla chun cumarsáid a dhéanamh le heangacha cliste
	Acmhainn rialaithe minicíochta

([1]) Córas fótavoltach atá feistithe le rialú inbhéartóra cliste chun cuidiú le rialú voltais / minicíochta.
([2]) Tagraíonn 'acmhainn athshlánaithe i ndiaidh múchta' don acmhainn cumhacht tosaigh a sholáthar i gcás éaradh eangaí chun tacú le hathshlánú cumhachta na heangaí gan gá le foinse cumhachta sheachtrach.
([3]) An Cód Iompair maidir le hidir-inoibritheacht Fearas Cliste Fuinnimh a bhaineann le bainistíocht fuinnimh (Leagan 1.0) (https://ses.jrc.ec.europa.eu/development-of-policy-proposals-for-energy-smart-appliances).